Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 18

# An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear farasbarr €13.038 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Le linn na tréimhse cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2020, d'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar oifig státseirbhíse ar leith faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Bunús leis an táille ar sheirbhísí***

Gearrann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse i leith a seirbhíse AD agus a seirbhíse riaracháin pinsean. Tá cuid de na costais oibriúcháin do 2020 dáilte ag an táille ar sheirbhísí comhroinnte AD ar bhonn pro rata i measc gach comhlachta earnála poiblí ar freastalaíodh orthu (bunaithe ar líon na bhfostaithe atá acu). Iompraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an fuílleach.

***Sócmhainní caipitil***

Tá rogha ann in 2020 an dímheas a ríomh go míosúil nó go bliantúil. Lean an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dímheas a ríomh go bliantúil.

Tá an tairseach mhéadaithe chun sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa Ráiteas Sócmhainní Caipitil glactha ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 21 de 2020.

Baineadh na sócmhainní ar fad a bhfuil luach €10,000 nó níos lú orthu den chlár sócmhainní seasta, de bharr an tairseach €10,000 a fheidhmiú d'aon sócmhainn amháin, agus dá bharr seo tharla coigeartú neamhairgid aonuaire de €621,756, mar atá leagtha amach i Nóta 2.1 Sócmhainní caipitil agus Nóta 2.9 Cuntas maoinithe stáit.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Oifigeach Cuntasaíochta. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí atá orm as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin ó tharla go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheart airgeadais ar bhonn comhroinnte do Vóta 18.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte cuí ar rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le pearsana a bhfuil an oiliúint chuí faighte acu. Oibríonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena cinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas agus earraí agus seirbhísí á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Sa bhliain 2020, chomhlíon an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na treoirlínte soláthair, ach amháin i gcás an ní seo a leanas, agus thuairiscigh sí an méid sin don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán bliantúil i leith Ciorclán 40/2002.

- €88,960 (gan CBL a áireamh) a bhain le conradh amháin, faoi choinne ceadúnais bogearraí slándála a cheannach, a soláthraíodh de mheon macánta ar an tuiscint go raibh na ceadúnais clúdaithe le creat a bhí ann cheana idir an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an soláthraí. Mar sin féin, aimsíodh in athbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin nach raibh na táirgí ar leith clúdaithe leis an gcreat.

***Creat um riosca agus rialú***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig. Rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sonraíonn sé an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá sannta do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe. Cuireann an bhainistíocht, agus an Bord Bainistíochta, nuair is iomchuí, na nósanna imeachta sin in iúl go tráthúil do na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach taobh istigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Tuarascálacha dearbhaithe ar rialuithe in eagraíocht seirbhíse***

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm agam chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar oibriú na rialuithe a bhaineann le soláthar seirbhísí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Is iad iniúchóirí neamhspleácha a dhéanann na hiniúchtaí uile i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Dhearbhú Iontaofachta (ISAE 3402) *Tuarascálacha Dearbhaithe ar Rialuithe in Eagraíocht Seirbhíse.*

Bhain Seirbhísí Comhroinnte AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla deimhniú chineál II ISAE amach sa bhliain 2021, bunaithe ar thástáil a rinneadh in 2020. Tugann sé sin dearbhú dom gur baineadh cuspóirí rialaithe amach agus gur oibrigh siad go héifeachtach le linn na tréimhse atá i gceist.

***Paindéim Covid-19***

Mar gheall ar theacht phaindéim Covid-19 ag tús 2020, bhí ar an bhfoireann dul isteach ar na hathruithe sa timpeallacht oibre agus san timpeallacht rialaithe, agus formhór na foirne san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag athrú go cianobair de réir comhairle sláinte poiblí. Rinneadh athbhreithniú aonuaire ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha, agus dá bharr sin, tugadh go leor rialuithe nós imeachta agus rialuithe inmheánacha isteach chun a chinntiú go leanfadh siad le feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht cianoibre.

De réir creat rialaithe agus riosca na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, lean na measúnuithe rialta riosca ar aghaidh i rith 2020, na tionchair ar an timpeallacht rialaithe san áireamh, agus an t-eolas is deireanaí á thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Deimhním go bhfuil na rialuithe, idir na cinn reatha agus na cinn a tugadh isteach de bharr Covid-19, fós éifeachtach.

***Ró-íocaíochtaí***

Rinneadh ró-íocaíochtaí le baill foirne de chuid cliant, ar ina leith a bhí an bhunchúis inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, i 733 chás (2019: 805 chás) dar luach measta €1,064,965 (2019: €831,701). Tá sé sin cothrom le 25% (2019: 18%) den luach airgeadais ar na ró-íocaíochtaí agus le 20% (2019: 16%) den líon iomlán cásanna ró-íocaíochta. De bharr míthuiscint le polasaí pá i dtaca le hincrimintí a bhí dlite do 43 bhall foirne laistigh de roinn amháin is cliant, bhí méadú €233,000 ann ar luach airgeadais na gcásanna ró-íocaíochta.

Leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le dul i ngleic leis na ró-íocaíochtaí atá inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte trí fheabhsú agus uathoibriú próisis agus trí thuairisciú agus monatóireacht ceann le ceann níos fearr.

***Saincheisteanna i dtaca le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Bíonn an Oifig i gcónaí ag athbhreithniú agus ag cur i bhfeidhm na moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe i réimsí amhail ró-íocaíochtaí párolla; teicneolaíocht faisnéise; calaois agus leochaileacht; taisteal agus cothú; agus aoisliúntas agus pinsin.

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

31 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

# Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Feidhm NSSO | | | | |
| | Soláthar meastacháin | 35,740 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,024 | | | |
| | | | 36,764 | 24,841 | 24,582 |
| B | Seirbhísí comhroinnte AD | | 10,180 | 9,962 | 10,115 |
| C | Seirbhísí comhroinnte párolla | | 12,482 | 12,808 | 12,243 |
| D | Seirbhísí comhroinnte airgeadais | | 3,003 | 251 | 539 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | Soláthar meastacháin | 61,405 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,024 | | | |
| | | | **62,429** | **47,862** | **47,479** |
| | *Lúide* | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **6,005** | **5,911** | **5,833** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | Soláthar meastacháin | 55,400 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,024 | | | |
| | | | **56,424** | **41,951** | **41,646** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar an chuid ar fad nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh anonn go 2021 €1.435 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith na ngnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 14,473,103 | 9,846,470 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,435,000) | (1,024,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **13,038,103** | **8,822,470** |

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 7,174 | 11,285 |
| Pá | | 30,412 | 27,783 |
| Neamhphá | | 10,276 | 8,411 |
| **Ollchaiteachas** | | **47,862** | **47,479** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,911** | **5,833** |
| **Glanchaiteachas** | | **41,951** | **41,646** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – airgead tirim | (2,246) | | |
| Dímheas | 2,076 | (170) | (1,049) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (329) | | |
| Laghdú ar stoc | 4 | (325) | (542) |
| **Caiteachas díreach** | | **41,456** | **40,055** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (9,309) | (9,551) |
| Measchíosanna | | 670 | 461 |
| **Glanchostas an chláir** | | **32,817** | **30,965** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a bhaineann le Vóta 18 agus a iompraíodh in áit eile agus de chostais a iompraíodh le Vóta 18 i leith Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 | Airgeadas | 129 | 98 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 32 | 2 |
| Vóta 11 | Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | — | 854 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,291 | 1,662 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 949 | — |
| Costas cionroinnte seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (12,710) | (12,167) |
| Glanchostas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | **(9,309)** | **(9,551)** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 22,705 | 23,165 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 13,192 | 32,699 |
| Stoic | 2.3 | 26 | 30 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 3,703 | 3,194 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 872 | 706 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **17,793** | **36,629** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 822 | 650 |
| Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan | 2.6 | 10,155 | 31,351 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,564 | 1,174 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 2,345 | 880 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **14,886** | **34,055** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,907 | 2,574 |
| **Glansócmhainní** | | **25,612** | **25,739** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **25,612** | **25,739** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Bogearraí TF agus trealamh | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 26,180 | 558 | 88 | 19,952 | 46,778 |
| Breiseanna | 776 | — | — | 1,462 | 2,238 |
| Coigeartuithe [a] | (2,414) | (527) | (88) | — | (3,029) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 24,542 | 31 | — | 21,414 | 45,987 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 23,204 | 330 | 79 | — | 23,613 |
| Dímheas don bhliain | 2,073 | 3 | — | — | 2,076 |
| Coigeartuithe [a] | (2,019) | (309) | (79) | — | (2,407) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 23,258 | 24 | — | — | 23,282 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **1,284** | **7** | **—** | **21,414** | **22,705** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 2,976 | 228 | 9 | 19,952 | 23,165 |

Nóta [a] Eascraíonn an coigeartú as ciorclán 21 de 2020 a chur i bhfeidhm maidir leis an tairseach le haghaidh sócmhainní a chur ar áireamh mar shócmhainní caipitil.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 3,054 | 1,348 |
| Iarmhéideanna bainc arna maoiniú ag cliaint | 10,138 | 31,351 |
| | **13,192** | **32,699** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 25 | 29 |
| Tomhaltáin TF | 1 | 1 |
| | **26** | **30** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht bogearraí/ceadúnais | 2,927 | 2,420 |
| Cothabháil crua-earraí | 681 | 687 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 95 | 87 |
| | **3,703** | **3,194** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas ar an scéim pas taistil | 60 | 136 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 27 |
| Costais in-fhorchúitithe i leith an chórais bhainistíochta acmhainní daonna | 535 | 475 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 277 | 68 |
| | **872** | **706** |

## 2.6 Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhís chomhroinnte párolla ar fáil do roinnt ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Is é atá sa tsuim €10.115 milliún a sealbhaíodh thar ceann cliant amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €31.4 milliún)ná €9.823 milliún (2019: €30.8 milliún) a bhí lóisteáilte ag cliaint faoi choinne maoiniú tuarastal le linn tréimhse na bliana nuaí agus €332,000 (2019: €600,000) a bhain le suimeanna atá dlite do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí tríú páirtí.

Phróiseáil an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte íocaíochtaí olltuarastail agus taistil agus cothaithe arbh fhiú €5.6 billiún san iomlán iad in 2020 (2019: €5.3 billiún).

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 311 | 289 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 66 | 61 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 308 | 282 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 463 | 238 |
| Cáin bhreisluacha | 115 | 72 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 138 | 122 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 33 | — |
| Cáin mhaoine áitiúil | 3 | 3 |
| | 1,437 | 1,067 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 127 | 107 |
| | **1,564** | **1,174** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 13,038 | 8,822 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,435 | 1,024 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (12,128) | (8,966) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **2,345** | **880** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 13,192 | 32,699 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 872 | 706 |
| | 14,064 | 33,405 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,437) | (1,067) |
| Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan | (10,155) | (31,351) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (127) | (107) |
| | (11,719) | (32,525) |
| | **2,345** | **880** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 25,739 | 24,148 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 56,424 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,435) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (13,038) | | |
| Glanvóta | | | 41,951 | 41,646 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | (9,309) | (9,551) |
| Mír neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil | | | (622) | — |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | | | 670 | 461 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (32,817) | (30,965) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **25,612** | **25,739** |

## 2.10 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 1,249 | 951 |
| Tionscadail chaipitil | 17,477 | 11,146 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **18,726** | **12,097** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán ar feadh shaolré na dtionscadal 2020 | Caiteachas ionchais iomlán ar feadh shaolré na dtionscadal 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Tionscadal** | | | | | |
| Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais | 24,570 | 1,695 | 17,477 | 43,742 | 35,716 |
| | **24,570** | **1,695** | **17,477** | **43,742** | **35,716** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos ar chás ina raibh difríocht os cionn €500,000 ann idir costais tionscadail thuartha agus an costas in 2019.

**Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €8.026 milliún*

Ba iad oibreacha breise cur chun feidhme €7.14 milliún, chomh maith le caiteachas €638,000 ar chostais aistrithe agus caiteachas €236,000 ar bhogearraí cianda breisithe a bhain le riachtanais Covid-19 in 2020 na cúiseanna leis an méadú ar chostais chaipitil ionchais. Tugadh cead le cinneadh ón Rialtas sa bhliain 2020 chun leanúint den tionscadal thar amlíne imscartha thástach go dtí an bhliain 2025.

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **81** | **81** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos trasna na gclár chun costas iomlán na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 30,586 | 30,412 | 27,783 |
| ii | Taisteal agus cothú | 312 | 55 | 166 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,569 | 1,408 | 1,346 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 995 | 479 | 614 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 9,181 | 7,749 | 5,660 |
| vi | Costais áitribh oifige | 812 | 585 | 625 |
| | | **43,455** | **40,688** | **36,194** |

**Difríochtaí suntasacha**

Sa mhír seo a leanas, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí caiteachas riaracháin €2.8 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús, de bharr Covid-19 go príomha. Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €312,000, toradh €55,000*

Bhí an caiteachas sa bhliain 2020 82% (€257,000) faoin mbuiséad. Tharla an gannchaitheamh sin de bharr srianta taistil a bhain le Covid-19.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €995,000, toradh €479,000*

Bhí an caiteachas sa bhliain 2020 52% (€516,000) faoin mbuiséad. Tháinig an gannchaithemh sin go príomha as an gcaiteachas ar theileachumarsáid in oibríochtaí FSS (Clár D) a bheith níos ísle ná mar a beartaíodh de bharr na moille ar an gcóras Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais a imlonnú.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €812,000, toradh €585,000*

Bhí an caiteachas sa bhliain 2020 28% (€227,000) faoin mbuiséad. Tháinig an gannchaitheamh go príomha as oibreacha beartaithe athchóirithe nár críochnaíodh sa bhliain agus as costais oibriúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | | 8,018 | 8,528 | 7,130 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | 9,772 | 9,139 | 6,167 |
| A.3 | Tionscadal na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais | | | | |
| | Soláthar meastacháin | 17,950 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,024 | | | |
| | | | 18,974 | 7,174 | 11,285 |
| | | | **36,764** | **24,841** | **24,582** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €11.923 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ó 2019).

**A.3 Tionscadal na seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais (FMSS)**

*Soláthar meastacháin: €18.974 milliún, toradh €7.174 milliún*

Tríd is tríd, tháinig an coigilteas €11.8 milliún i gcaiteachas (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ó 2019) as moill mhór a bhain le dearadh, forbairt agus cur i bhfeidhm gnéithe áirithe den tionscadal. Rinneadh an tionscadal FMSS a athshlógadh ó mhí na Samhna 2020.

## Clár B Seirbhísí Comhroinnte AD

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán − pá | 10,046 | 9,783 | 9,422 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | 134 | 179 | 693 |
| | | **10,180** | **9,962** | **10,115** |

## Clár C Seirbhísí Comhroinnte Párolla

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán − pá | 11,304 | 11,995 | 10,814 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | 1,178 | 813 | 1,429 |
| | | **12,482** | **12,808** | **12,243** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár C €326,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Is éard a bhí sa difríocht ná róchaitheamh ar chostais phá a maolaíodh le tearc-chaitheamh ar chostais neamhphá.

**C.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin: €1.178 milliún, toradh €813,000*

Mar gheall ar tháillí bainc laghdaithe agus an laghdú ar rátaí úis a gearradh, a d'eascair as seirbhísí baincéireachta a aistriú chuig soláthraí baincéireachta an Rialtais, sábháladh €365,000 i gcaiteachas, chomh maith le costais phoist a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár D Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán − pá | 1,218 | 106 | 417 |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | 1,785 | 145 | 122 |
| | | **3,003** | **251** | **539** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €2.752 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Níor cuireadh an córas FMSS i bhfeidhm sa bhliain 2020 agus ba é sin an chúis leis an difríocht. Mar gheall air sin, níor thosaigh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) a n-oibríochtaí mar a bhí beartaithe. Ath-imscaradh foireann FSS go dtí an tionscadal FMSS agus go réimsí oibríochtúla.

**D.1 Riarachán – pá**

*Soláthar meastacháin: €1.218 milliún, toradh €106,000*

Sábháladh €1.112 milliún toisc nár leanadh le cur i bhfeidhm an chórais FMSS mar a bhí beartaithe, agus níor tabhaíodh na costais foirne oibríochta a bhí beartaithe in 2020. Rinneadh foireann oibríochta FSS a ath-imlonnú sa tionscadal FMSS agus chuig réimsí oibríochta eile san NSSO.

**D.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin: €1.785 milliún, toradh €145,000*

Sábháladh €1.64 milliún toisc nár leanadh le cur i bhfeidhm an chórais FMSS mar a bhí beartaithe, agus níor thabhaigh FSS na forchostais a rabhthas ag súil leo.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Tobhach seirbhísí comhroinnte AD | 5,275 | 5,219 | 5,072 |
| 2 | Ilghnéitheach | 180 | 257 | 251 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 550 | 435 | 510 |
| | **Iomlán** | **6,005** | **5,911** | **5,833** |

# Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **807** | **750** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá [a] | 29,105 | 27,695 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 30 | 48 |
| Liúntais eile | 28 | 66 |
| Ragobair | 342 | 466 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,721 | 2,494 |
| **Pá iomlán** | **32,226** | **30,769** |

Nóta [a] Dáiltear an pá iomlán trasna fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, C.1 agus D.1.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | — | 5,141 | 13,002 |
| Liúntais eile [a] | 2 | 1 | 27,644 | 34,156 |
| Ragobair | 354 | — | 7,582 | 10,647 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 14 | — | 6,382 | 10,442 |

Nóta [a] Tá ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir i dtaca le fostaithe a tugadh ar iasacht don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte san áireamh i liúntais eile.

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 28 | 47 | 88 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm [a] | 14 | 38 | 48 |

Aistríodh ocht bplean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €11,483 chuig ranna eile i rith 2020 (2019: pleananna dar luach €6,597 i leith 21 duine aonair).

Nóta [a] Rinneadh luach na bliana 2019 maidir le pleananna aisghabhála a athlua ar bhonn sonraí feabhsaithe ó Sheirbhísí Comhroinnte Párolla.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Calaois | — | — | 31 |

An t-airgead ar fad i ndáil leis an gcás in 2019, fuarthas ar ais é sa bhliain 2021. Níor chaill an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte aon airgead dá bharr sin.